# CLÁR

**Cabhair a fháil maidir le d'iarratas** 3

**Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu** 4

**1. Faisnéis faoi Dhámhachtain na nÁiteanna Ildánacha** 5

1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana 5

1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? 6

1.3 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? 7

1.4 Cad ar ar féidir leat iarratas a dhéanamh? 8

1.5 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air? 12

1.6 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas? 12

1.7 Incháilitheacht 15

**2. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh** 16

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon 16

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais 17

2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas 17

2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne 19

**3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas** 21

3.1 Forbhreathnú 21

3.2 An próiseas measúnaithe 21

3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú 21

3.4 Painéil phiaraí 22

3.5 Toradh na n-iarratas 23

# 1. Faisnéis faoi Dhámhachtain na nÁiteanna Ildánacha

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Is é cuspóir na Comhairle Ealaíon maidir lena clár Áiteanna Ildánacha, infheistíocht a dhéanamh in áiteanna (e.g. bailte, sráidbhailte, bruachbhailte, ceantair thuaithe) nach mbíonn go leor deiseanna acu páirt a ghlacadh sna healaíona.

Ba cheart d'Áiteanna Ildánacha a bheith cuimsitheach agus ilghnéitheach, agus a gcuid clár fite fuaite le cleachtas ealaíon atá gníomhach go sóisialta agus le prionsabail na forbartha pobail. Tógfaidh iarratasóirí a n-éireoidh leo ar láidreachtaí cultúrtha atá ann cheana féin agus iad faoi stiúir de rannpháirtíocht agus de smaointe an phobail. Féachfaidh siad go háirithe le daoine a áireamh a bhíonn eisiata go minic.

**Baineann trí shnáithe leis an dámhachtain**

- Snáithe 1: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain an tSíl
- Snáithe 2: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain na Fréimhe Céim 2
- Snáithe 3: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain an Fháis Céim 2

**Snáithe 1: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain an tSíl**

Dámhachtain ilbhliantúil a bheidh ann a bhronnfar in imeacht trí bliana (2025, 2026 agus 2027). Tá Snáithe 1 oscailte d'Áiteanna Ildánacha a bhfuil a gcéim thaighde agus forbartha críochnaithe acu.

Clúdófar ceapachán Chomhordaitheoir na nÁiteanna Ildánacha agus buiséad an chláir sa dámhachtain. Is é €335,000 an t-uasmhéid is féidir leat a iarraidh thar trí bliana (€85,000, €125,000, €125,000). Sa bhliain 2025, meastar go mbronnfar suas le dhá dhámhachtain.

Ní bheidh ar na háiteanna sin atá ag dul isteach i mbliain 3 (i.e. Áiteanna Ildánacha a fuair dámhachtain in 2023) iarratas a dhéanamh in 2025 chun maoiniú a tharraingt anuas.

**Snáithe 2: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain na Fréimhe Céim 2**

Níl an snáithe seo oscailte ach do na hiarratasóirí a chríochnaigh a ndámhachtain trí bliana Áiteanna Ildánacha agus atá ag glacadh páirt sa chéad chéim eile dá bhforbairt.

Mairfidh an dámhachtain ar feadh suas le dhá bhliain, agus tá ar iarratasóirí a bpleananna maidir le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a léiriú mar aon lena bpleananna clársceidealaithe le haghaidh 2025 agus 2026.

Is é an t-uasmhéid ar féidir leat iarratas a dhéanamh air ná idir €70,000 agus €90,000 in aghaidh na bliana (i.e. iomlán €140,000 – €180,000).

**Snáithe 3: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain an Fháis Céim 2**

Níl an tsraith seo oscailte ach d'iarratasóirí a bhfuil bliain 1 dá gclár Chéim 2 críochnaithe acu.

Mairfidh an dámhachtain ar feadh suas le dhá bhliain, agus tá ar iarratasóirí a bpleananna maidir le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara a léiriú mar aon lena bpleananna clársceidealaithe le haghaidh 2025 agus 2026.

Is é an t-uasmhéid ar féidir leat iarratas a dhéanamh air ná idir €70,000 agus €90,000 in aghaidh na bliana (i.e. iomlán €140,000 – €180,000).

Tá bunús na scéime sna beartais atá leagtha síos i straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–2025),
*Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* (féach anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/).

Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis an méid seo a leanas a aithint mar thosaíochtaí straitéiseacha le haghaidh tacaíochta tríd an dámhachtain seo:

- **Rannpháirtíocht an phobail:** e.g. is féidir leis an iarratasóir a thaispeáint go n-áiríonn an áit atá beartaithe líon daoine níos airde ná an meán a mbíonn bac orthu go minic i leith na n-ealaíon: easpa bonneagair chultúrtha, próifíl dhéimeagrafach le líon ard daoine scothaosta, daonra óige agus éagsúlacht chultúrtha, srl.
- **Cleachtas ealaíon pobalghníomhach nó cleachtas ealaíon comhoibríoch:** e.g. tuigtear agus cuirtear in iúl go soiléir prionsabail an chleachtais ealaíon atá pobalghníomhach agus an chleachtais ealaíon atá comhoibríoch in éineacht le prionsabail na forbartha pobail, agus is é an saineolas seo a dhéanann eolas don iarratas.
- **Taighde, beartas agus inbhuanaitheacht:** e.g. in ann comhairliúchán agus rannpháirtíocht phoiblí a thaispeáint, ar aon dul le beartais agus pleananna athghiniúna áitiúla, ceisteanna soiléire taighde ann (más infheidhme), modhanna chun tionchar sóisialta a mheas agus a thomhas, samhlacha de chuir chuige áitiúla i leith comhoibrithe, samhlacha infheistíochta nua chun tacú leis na healaíona, agus atá in ann todhchaí inbhuanaithe a chruthú.
- **Comhpháirtíocht:** e.g. cuibhreannas atá in ann tiomantas fiúntach agus fadtéarmach ag oifig ealaíon údarás áitiúil, comhpháirtithe forbartha pobail, eagraíochtaí ealaíon áitiúil ag obair san áit nó gar di cheana féin, agus saineolas ealaíon atá pobalghníomhach a léiriú. Moltar cúig chomhpháirtí ar a laghad.
- **Méid na hinfheistíochta airgid agus comhchineáil ón gcomhpháirtí tacaíochta/ó na comhpháirtithe tacaíochta.** Ní mór dó sin a bheith 30% ar a laghad de na costais iomlána do Shnáithe 1, Snáithe 2 agus Snáithe 3.

## 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

- Níl **Snáithe 1** oscailte ach d'áiteanna ildánacha a bhfuil a gcéim thaighde agus forbartha curtha i gcrích acu.
- Níl **Snáithe 2** oscailte ach do na hiarratasóirí a chríochnaigh a ndámhachtain trí bliana Áiteanna Ildánacha agus atá ag glacadh páirt sa chéad chéim eile dá bhforbairt anois.
- Níl **Snáithe 3** oscailte ach d'iarratasóirí a bhfuil bliain 1 dá gclár Chéim 2 críochnaithe acu.
- Ní mór d'eagraíochtaí ealaíon iarratasóra a bheith ina CTR agus saineolas a léiriú i gcleachtas ealaíon atá pobalghníomhach. Ní gá go mbeadh nasc ag an eagraíocht ealaíon leis an áit, ach caithfidh go mbeidh nasc ag comhpháirtithe poiblí agus pobail léi.

## 1.4 Cad ar ar féidir leat iarratas a dhéanamh?

**Baineann trí shnáithe leis an dámhachtain seo**

### Snáithe 1: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain an tSíl

- Dámhachtain ilbhliantúil a bheidh ann a bhronnfar in imeacht trí bliana (2025, 2026 agus 2027).
- **Is é €335,000 an t-uasmhéid is féidir a iarraidh thar trí bliana** – i.e. gan níos mó ná €85,000 i mbliain 1, gan níos mó ná €125,000 i mbliain 2 agus gan níos mó ná €125,000 i mbliain 3.
- Clúdófar ceapachán Chomhordaitheoir na nÁiteanna Ildánacha agus buiséad an chláir sa dámhachtain. Ba cheart buiséad a shocrú don ról seo ar feadh trí lae ar a laghad sa tseachtain, go hidéalach níos mó, i gcomhréir le taithí chuí agus shaineolach.
- Níor chóir go rachadh níos mó ná 45% den bhuiséad i dtreo costais riaracháin, taighde, forbartha agus meastóireachta.
- Ba cheart 55% ar a laghad den bhuiséad a leithdháileadh ar chostais clár agus cumarsáide, cé go n-aithnítear nach mbeadh clár gníomhaíochta sainithe ag an bpointe seo.
- Caithfidh 30% ar a laghad de na costais iomlána teacht ó chomhpháirtithe tacaíochta in 2025, 2026 agus 2027. Is féidir leis seo a bheith ina mheascán d'airgead tirim agus ioncam comhchineáil. Ba cheart go mbeadh na foinsí ioncaim seo slán agus réalaíoch, agus ba cheart duit cuntas a thabhairt freisin ar aon acmhainní neamhairgeadais atá i bhfeidhm chun tacú leis an tionscadal.

### Snáithe 2: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain na Fréimhe Céim 2

Mairfidh an dámhachtain ar feadh suas le dhá bhliain (2025 agus 2026).

- **Is é an t-uasmhéid is féidir leat a iarraidh ná idir €70,000-€90,000 don bhliain.**
- Tacóidh an dámhachtain seo le ceapachán (leanúnach) Chomhordaitheoir na nÁiteanna Ildánacha agus le buiséad an chláir. Ba cheart buiséad a shocrú don ról seo ar feadh trí lae ar a laghad sa tseachtain, go hidéalach níos mó, i gcomhréir le taithí chuí agus shaineolach.
- Níor chóir go rachadh níos mó ná 45% den bhuiséad i dtreo costais riaracháin, taighde, forbartha agus meastóireachta.
- Ba cheart 55% ar a laghad den bhuiséad a leithdháileadh ar chostais clár agus chumarsáide.
- Caithfidh 30% ar a laghad de na costais iomlána teacht ó chomhpháirtithe tacaíochta in 2025 agus 2026 araon. Is féidir leis seo a bheith ina mheascán d'airgead tirim agus ioncam comhchineáil. Ba cheart go mbeadh na foinsí ioncaim seo slán agus réalaíoch, agus ba cheart duit cuntas a thabhairt freisin ar aon acmhainní neamhairgeadais atá i bhfeidhm chun tacú leis an tionscadal.
- Maidir le hÁiteanna Ildánacha Dámhachtain na Fréimhe Céim 2, d'fhéadfadh sé go mbeadh maoiniú fágtha agat ó do chéim trí bliana in 2025 – déan cuntas ar an méid seo mar ioncam tionscadail i d'ioncam agus caiteachas mionsonraithe.

**formáidí comhaid a nglactar leo** i gcuid **2.3** **Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas.**

- **Buiséad mionsonraithe ar leithligh** maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe – ní mór é sin a chur isteach chomh maith leis an bhfaisnéis bhuiséid atá san fhoirm iarratais.
- Fianaise ar aon tacaíocht airgeadais, sochar comhchineáil san áireamh, nó urraíocht a aithníodh sa bhuiséad togra – e.g. meabhrán tuisceana, litir thacaíochta, nó a leithéid de cháipéis.
- Cáipéis a thugann fianaise maidir lena gcuid eolais agus taighde ar phróifíl dhéimeagrafach, láidreachtaí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha, agus acmhainneacht na háite atá beartaithe.
- Cáipéis a chuireann in iúl agus ina bhfuil fianaise láidir ar a gcuid oibre go nuige seo mar áit ildánach.
- Cáipéis ina bhfuil cur síos ar a gceisteanna taighde: cad é cuspóir an taighde agus cad iad na ceisteanna a iarradh ar an taighdeoir freagairt dóibh? Ba cheart duit cóip de do thuairisc taighde a chur isteach.
- Cáipéis a dhéanann cur síos ar phleananna chun monatóireacht, doiciméadú agus measúnú a dhéanamh ar an tionscadal.

**Snáithe 2: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain na Fréimhe Céim 2**

- Litir chumhdaigh ón bpríomhiarratasóir ina dtugtar le fios cén snáithe a bhfuil tú ag cur isteach air agus cén fáth.
- Ráiteas/litir thacaíochta ó gach comhpháirtí rannpháirteach ina bhfuil cuntas ar a gcuid cuspóirí, ionchas agus tiomantas maidir leis an tionscadal – féach ar **Na formáidí comhaid a nglactar leo** i gcuid **2.3** **Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas.**
- Buiséad mionsonraithe ar leithligh maidir leis an ngníomhaíocht atá beartaithe – ní mór é sin a chur isteach chomh maith leis an bhfaisnéis bhuiséid atá san fhoirm iarratais.
- Fianaise ar aon tacaíocht airgeadais, sochar comhchineáil san áireamh, nó urraíocht a aithníodh sa bhuiséad togra – e.g. meabhrán tuisceana, litir thacaíochta, nó a leithéid de cháipéis.
- Cáipéis a chuireann in iúl agus ina bhfuil fianaise láidir ar a gcuid oibre go nuige seo mar áit ildánach.
- Cáipéis ina ndéantar cur síos ar an bpróiseas monatóireachta agus measúnachta a úsáideadh go nuige seo, mar aon leis na rudaí a foghlaimíodh agus an tionchar atá acu ar do chur chuige.

**Snáithe 3: Áiteanna Ildánacha Dámhachtain an Fháis Céim 2**

- Litir chumhdaigh ón bpríomhiarratasóir ina dtugtar le fios cén snáithe a bhfuil tú ag cur isteach air agus cén fáth.
- Ráiteas/litir thacaíochta ó gach comhpháirtí rannpháirteach ina bhfuil cuntas ar a gcuid cuspóirí, ionchas agus tiomantas maidir leis an tionscadal – féach ar **Na formáidí comhaid a nglactar leo** i gcuid **2.3** **Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas.**

